2025.M98T 2025L004G1IL

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2025

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

**Lean CEANN AMHÁIN de na sraitheanna treoracha seo a leanas:**

**1. Gnáth-threoracha:**

Freagair Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6. Freagair gach ceann de **dhá** thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc)**
An Eoraip agus an domhan mór:
Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
Freagair topaic **amháin** as an roinn seo.

**NÓ**

**2. Treoracha malartacha do 2025 amháin:**

- **Roinn 1 (100 marc)**
Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 agus 3 (300 marc)**
Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6, *agus* An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
  - Freagair na codanna A, B, agus C de **dhá** thopaic i Ranna 2 agus 3.
  - Freagair ar chuid B bhreise agus ar chuid C bhreise de cheann amháin den dá thopaic a roghnaigh tú.
  - Freagair na ceisteanna atá i gcuid A ar leathanach 15.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

# ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

An cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1. (a) I ndoiciméad A, cén áit a ndúradh paidreacha?

   (b) Luaigh bealach amháin ar réitigh na fir don mháirseáil, de réir dhoiciméad A.

   (c) Conas a chuaigh an taithí a bhí ag na fir san arm i gcion ar an máirseáil, de réir dhoiciméad A?

   (d) Cad ba chúis le hardú ar an dífhostaíocht in Jarrow, de réir dhoiciméad B?

   (e) Cén t-éileamh a rinneadh san achainí, de réir dhoiciméad B?

(40)

2. (a) An dtugtar le fios sna doiciméid go raibh an mháirseáil taitneamhach nó go hainnis? Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

   (b) Cé acu doiciméad ina dtugtar an méid is mó eolais faoi ról Ellen Wilkinson i máirseáil Jarrow? Déan tagairt don dá dhoiciméad i do fhreagra.

(20)

3. (a) Cé acu doiciméad, A nó B, ar foinse phríomha é? Tabhair fáth le do fhreagra.

   (b) Cén fhianaise sna doiciméid a thugann le tuiscint go raibh tacaíocht an phobail tuillte ag na máirseálaithe?
   Mínigh do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.

(20)

4. Ar éirigh le máirseáil Jarrow nó ar theip uirthi? Tabhair fáthanna le do fhreagra.

(20)

**– Doiciméad A –**

**Toghadh Ellen Wilkinson ina Feisire Parlaiminte (M.P.) do Jarrow in 1935 agus chabhraigh sí le Máirseáil Jarrow a eagrú, Deireadh Fómhair 1936. Seo sliocht coimrithe as a leabhar faoi Jarrow.**

Dúradh paidreacha ar son na máirseálaithe ar an Domhnach, 4 Deireadh Fómhair, i ngach eaglais agus séipéal in Jarrow. Dé Luain a chuir na fir chun bóthair. Rinne siad a ndícheall cuma shlachtmhar a chur orthu féin: aghaidheanna bearrtha go cúramach, buataisí briste deisithe agus snas curtha orthu, éadaí seanchaite scuabtha agus deisithe ag na mná céile.

De ghnáth, thosaíomar amach gach maidin ar a 9 a chlog, an bus imithe romhainn lenár soláthairtí. Bhí seal tugtha san arm ag an gcuid ba mhó de na fir, mar sin shiúlamar de réir rialacha an airm, caoga nóiméad siúil agus sos deich nóiméad in aghaidh na huaire.

An chistin allamuigh a réitigh béile an mheán lae dúinn – nuair a cheadaigh an aimsir an méid sin. Ar laethanta breátha, stobhach, torthaí stánaithe agus tae a bhíodh againn. Ar laethanta fliucha, sheasaimis faoi chótaí báistí ag ithe ceapairí.

Bhí tacaíocht sheasta againn ó iriseoirí. Iad siúd a bhí inár dteannta, cheannaigh siad roinnt orgáin bhéil agus bhí scoth na gceoltóirí againn a chuir banna ceoil orgán béil ar bun.

Foinse: Ellen Wilkinson, *The Town That Was Murdered: The Life Story of Jarrow* (Londain, Gollancz, 1939).

**– Doiciméad B –**

**Sa sliocht coimrithe seo, tráchtann staraí ar Mháirseáil Jarrow.**

Baile longthógála ab ea Jarrow agus ba é dúnadh an longchlóis, in 1935, ba chúis leis an dífhostaíocht dul in airde go mór. Shínigh thart ar 11,000 duine achainí, a d'éiligh go n-osclófaí oibreacha cruach, ar mhaithe le jabanna a chur ar fáil, agus d'iompair 200 fear, a roghnaíodh go cúramach, an achainí i mbosca darach, go Londain.

Mháirseáil siad faoi bhratacha gorma agus bána in éineacht le banna orgán béil. Bhí a bhfeisire parlaiminte (MP) á dtreorú, cuid den bhealach ar aon chuma, mar aon le madra seachráin. Ba í sin Ellen Wilkinson, í beag bídeach agus gruaig rua uirthi.

Rinneadh gach aon ní lena chinntiú go raibh an mháirseáil measúil agus neamhbhagrach, ag iarraidh dul i gcion ar choinsias an náisiúin. Bhí cosc ar ólachán agus cuireadh tús leis an máirseáil le seirbhís eaglasta.

Foinse: Andrew Marr, *The Making of Modern Britain* (Londain, Macmillan, 2009).

# ROINN 2: ÉIRE

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Déantar tagairt sna sleachta coimrithe seo as dialann an mhúinteora Amhlaoibh Ó Súilleabháin d'fheachtas Dhónaill Uí Chonaill ar son Fhuascailt na gCaitliceach. Léigh iad agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

*03/02/1829:* *Ceapadh mé i mo mhaor paróiste, i gCallainn, Co. Chill Chainnigh, i gCompántas na gCaitliceach, leis an gCíos Caitliceach a bhailiú.*

*08/07/1829:* *Tá gach fuinneog ar an mbaile lán le coinnle mar cheiliúradh ar bhua Uí Chonaill i dToghchán an Chláir.*

*28/09/1829:* *Fógraíonn druma do lucht leanúna Uí Chonaill máirseáil trí Challainn, agus ribíní uaine agus dathanna eile á gcaitheamh acu.*

Foinse: Tomás de Bhaldraithe (eag.), *Cín Lae Amhlaoibh* (Dún Dealgan, Dundalgan Press, 1970).

1. Cén áit ar ceapadh an scríbhneoir ina mhaor paróiste lena haghaidh?
2. Cén cúram a bhí ar an maor paróiste?
3. Cad a bhí á cheiliúradh ar an 8 Iúil, 1829?
4. Cén ceol a cuireadh ar fáil ar an 28 Meán Fómhair, 1829?
5. Luaigh bealach amháin ar bhain Caitlicigh tairbhe as an bhFuascailt.

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Imirce as Éirinn, 1815-1870.
2. William Carleton.
3. Éire Óg.
4. James Stephens.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a reáchtáil Dónall Ó Conaill an feachtas ar son na hAisghairme agus cén fáth ar theip air?
2. Conas a d'fhreagair Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholson don Ghorta Mór in Éirinn?
3. Cén fhorbairt thionsclaíoch a tharla i mBéal Feirste, 1815-1870, agus cén tionchar a bhí aici ar mhuintir na háite?
4. Cad a chuir an Mháthairab Mary Aikenhead agus/nó an Cairdinéal Paul Cullen le gnóthaí na hÉireann?

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht coimrithe atá anseo as cuntas nuachtáin ar ghabháil Parnell, 13 Deireadh Fómhair, 1881. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Maidin Déardaoin, an 13 Deireadh Fómhair, 1881, gabhadh Parnell ag Óstán Morrison, Sráid Dhásain, Baile Átha Cliath. Cuireadh isteach i bpríosún Chill Mhaighneann é sula raibh saoránaigh Bhaile Átha Cliath ina ndúiseacht go hiomlán.*

*Níor tharla aon chlampar ar na sráideanna mar nach raibh a fhios ag duine ar bith cén fáth ar fhan na carranna capaill ceithre roth chomh fada sin os comhair an óstáin. Níor músclaíodh amhras go dtí go ndeachaigh roinnt constáblaí de chuid na bpóilíní isteach sa mhórshiúl.*

*Chuir Parnell féin na seirbhísigh san óstán faoi mhionn rúndachta amhail is go raibh a fhios aige go rabhthas lena ghabháil.*

Foinse: luaite in M.E. Collins, *The Land Question, 1879-1882* (Baile Átha Cliath, An Comhlacht Oideachais, 1974).

1. Cén áit ar gabhadh Parnell?
2. I ndiaidh a ghabhála, cén áit ar cuireadh Parnell?
3. Cén uair a músclaíodh amhras go raibh rud éigin ar siúl?
4. Conas a thugtar le tuiscint gur thuig Parnell gur dócha go rabhthas lena ghabháil?
5. Cén ról a bhí ag Caisleán Bhaile Átha Cliath i ngnóthaí na hÉireann ag an am?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Gluaiseacht na gComharchumann.
2. W.B. Yeats.
3. Dubhghlas de hÍde.
4. Óglaigh na hÉireann.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Michael Davitt i ngnóthaí na hÉireann?
2. Cén fáth ar bunaíodh CLG agus cad iad na fadhbanna a bhí roimhe sna blianta tosaigh?
3. Conas a chuaigh Edward Carson i mbun feachtais in aghaidh Rialtas Dúchais d'Éirinn?
4. Cad a chuir Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy-Skeffington le gnóthaí na hÉireann?

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraítear sa sliocht coimrithe seo do na hiarrachtaí ar son an chogaidh a rinne Tuaisceart Éireann le linn an Dara Cogadh Domhanda. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*I mí na Nollag 1940, chuir eacnamaí tuarascáil le chéile don Chomh-Aireacht Cogaidh i Londain ar iarrachtaí Thuaisceart Éireann ar son an chogaidh.*

*Rinne sé amach gur beag ar fad an ról a bhí ag Tuaisceart Éireann go dtí sin, cé gur lú go mór an méid a d'fhulaing Tuaisceart Éireann ó ghníomhaíochtaí an namhad ná aon chuid eile den Ríocht Aontaithe. Ó 1939 i leith, nótáil sé, níor chualathas an bonnán* [rabhadh maidir le haer-ruathar] *ach cúig huaire i mBéal Feirste, agus rabhadh bréige a bhí ann gach aon uair. Tá codarsnacht mharfach idir sin agus cathracha eile sa Bhreatain.*

*Tháinig athrú air sin leis na haer-ruathair mhillteacha a rinne an Ghearmáin ar Bhéal Feirste san oíche ar an 15-16 Aibreán agus ar an 4-5 Bealtaine, 1941.*

Foinse: Thomas Bartlett*, Ireland: A History* (Cambridge, Cambridge University Press, 2010).

1. Cén uair a cuireadh tuarascáil an eacnamaí le chéile?
2. Cad a bhí mar ábhar ag an tuarascáil?
3. Cad a bhí le rá sa tuarascáil faoi aer-ruathair?
4. Cad a d'fhulaing Béal Feirste in Aibreán-Bealtaine, 1941?
5. Go hachomair, luaigh rud amháin a chuir Richard Dawson Bates le gnóthaí Thuaisceart Éireann.

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An Chuntaois Markievicz.
2. Evie Hone.
3. Geilleagar Thuaisceart Éireann, 1920-1939.
4. Forbairtí san oideachas, 1922-1949.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a bhí ag Micheál Ó Coileáin i ngnóthaí na hÉireann?
2. Cad a bhain Liam T. Mac Cosgair amach ón gcaoi ar láimhseáil sé an geilleagar agus/nó an caidreamh Angla-Éireannach, 1923-1932?
3. Cad a tharla le linn Chomhdháil Chorp Chríost, 1932, agus cén tábhacht a bhain leis?
4. Cad a bhain Éamon de Valera amach mar cheannaire an rialtais, 1932-1948?

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tar éis dó éalú as Príosún Lincoln i mí Feabhra, 1919, d'fhógair Éamon de Valera go raibh rún aige dul go Meiriceá chun tacaíocht a lorg do chúis na hÉireann. Cuirtear in iúl sa sliocht coimrithe seo conas a d'fhreagair Óglaigh an IRA dá chinneadh. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Cheapamar gur botún marfach a bheadh in imeacht de Valera, go mbainfeadh an tír míbhrí as na cúiseanna a bhí aige agus go mbreathnóidís air mar ghníomh leithleach nó mar thréigean cladhartha fiú.*

*Nuair a cuireadh an tuairim sin in iúl, d'fhreagair an Coileánach: 'Sin é a ndúirt mé leis, ach tá a fhios agaibh conas atá sé iarracht a dhéanamh dul ag argóint le Dev. Tá sé den tuairim gur i Meiriceá a fhéadfaidh sé lámh chúnta a thabhairt.'*

*Ba é tuairim na nÓglach gur in Éirinn ba chóir do cheannaire Éireannach a bheith.*

Foinse: luaite in Ronan Fanning, *Éamon de Valera: A Will to Power* (Londain, Faber & Faber, 2015).

1. Cén áit as ar éalaigh de Valera?
2. Cad a d'fhógair de Valera i mí Feabhra, 1919?
3. Cén tuairim a bhí ag de Valera, de réir an Choileánaigh?
4. Cén tuairim a bhí ag na hÓglaigh maidir le cinneadh de Valera?
5. Luaigh rud amháin a bhain de Valera amach i Meiriceá, Meitheamh 1919 - Nollaig 1920.

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An imirce Ultach-Albanach go Meiriceá Thuaidh.
2. Na Molly Maguires.
3. Boss Croker.
4. Tionchar John F. Kennedy.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh Grosse Isle i ngleic le teacht na n-inimirceach Éireannach in aimsir an Ghorta Mhóir?
2. Cén pháirt a ghlac CLG agus/nó an Eaglais Chaitliceach maidir leis an bhféiniúlacht Éireannach a chothú i measc na n-imirceach?
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoi shaol agus faoi shaothar Dhomhnaill Mhic Amhlaigh?
4. Cad iad na nithe a bhain Maureen O'Hara agus/nó Paul O'Dwyer amach?

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, luann an staraí Marianne Elliott, a d'fhás aníos i mBéal Feirste, tionchar na Seirbhíse Náisiúnta Sláinte (NHS). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Cuireadh an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte ar bun ar an 5 Iúil, 1948. D'athraigh sé saol an teaghlaigh ó bhonn, teaghlaigh ar nós ár dteaghlaigh féin. Go tobann, bhí gach aon rud nach raibh airgead againn lena aghaidh roimhe sin, saor in aisce.*

*Bhrostaigh daoine chun cóireáil fiaclóireachta agus spéaclaí a fháil agus bhí ró-oideasú ar siúl maidir le drugaí a bhí saor in aisce anois.*

*Ar an drochuair, níor cheadaigh an reachtaíocht do na hospidéil a raibh ceangal acu le cúrsaí creidimh a n-éiteas creidimh a choimeád laistigh den tseirbhís sláinte. Ar an ábhar sin, níor tugadh maoiniú stáit d'Ospidéal an Mater, Béal Feirste, toisc é a bhí faoi bhainistíocht Chaitliceach.*

Foinse: Marianne Elliott, *Heartlands: A Memoir of the White City housing estate in Belfast* (Béal Feirste, Cló Blackstaff, 2017).

1. Cad a cuireadh ar bun ar an 5 Iúil, 1948?
2. Cad iad na seirbhísí ar bhrostaigh daoine chun iad a fháil?
3. Cén ró-oideasú a tharla?
4. Cén fáth nár tugadh maoiniú stáit d'Ospidéal an Mater?
5. Seachas cúram sláinte, luaigh bealach amháin ar bhain Tuaisceart Éireann tairbhe as Stát Leasa na Breataine.

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Terence O'Neill.
2. Imeachtaí Phrintísigh Dhoire.
3. Seamus Heaney.
4. Teacht chun cinn an IRA Shealadaigh.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Conn agus Patricia McCluskey i ngnóthaí Thuaisceart Éireann?
2. Cad iad na hargóintí a cuireadh chun cinn ar son agus in aghaidh Chúil Raithin a roghnú mar láthair don dara hollscoil i Tuaisceart Éireann?
3. Cad a aontaíodh ag Sunningdale, 1973, agus cén fáth ar theip ar an bhfeidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1974?
4. Conas a d'imir Ian Paisley tionchar ar imeachtaí i dTuaisceart Éireann?

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, déanann Garret FitzGerald machnamh ar thionchar CEE ar iascach na hÉireann. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Dhiúltaigh an Ginearál de Gaulle d'iarratas na hÉireann dul isteach i CEE, mar aon le hiarratas na Breataine, i mí Eanáir 1961.*

*Faoin am ar bhain Éire, an Bhreatain, agus an Danmhairg ballraíocht amach, in 1973, bhí socrú déanta ag na sé thír bhunaidh a thug rochtain dóibh ar stoic éisc na Breataine, na Danmhairge agus na hÉireann.*

*Laghdaíodh ar na míbhuntáistí a bhain leis an socrú sin d'Éirinn de bharr margadh a rinne mise, mar Aire Gnóthaí Eachtracha, in 1976. Mar thoradh air sin, tugadh cead d'Éirinn a cuid gabhálacha éisc a dhúbailt agus a luach a mhéadú faoi 40% laistigh de chúpla bliain.*

Foinse: Garret FitzGerald, *Reflections on the Irish State* (Baile Átha Cliath, Irish Academic Press, 2002).

1. Cén fáth ar theip ar iarracht na hÉireann ballraíocht a bhaint amach i CEE i mí Eanáir 1961?
2. Cad iad na tíortha a chuaigh isteach i CEE in éineacht le hÉirinn in 1973?
3. Cén socrú a bhí i bhfeidhm cheana féin?
4. Luaigh bealach amháin a ndeachaigh iarracht FitzGerald chun tairbhe d'Éirinn.
5. Luaigh ní amháin eile a chuir Garret FitzGerald leis an saol in Éirinn.

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Rannpháirtíocht na hÉireann sna NA.
2. Athruithe san oideachais in Éirinn, 1949-1989.
3. Jack Lynch.
4. Athrú meoin i leith na Gaeilge, 1949-1989.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhain Seán Lemass amach mar Thaoiseach?
2. Cén tionchar a bhí ag RTÉ ar an saol in Éirinn?
3. Conas a chuaigh an tArdeaspag John Charles McQuaid i gcion ar an saol in Éirinn?
4. Cad a chuir Sylvia Meehan agus/nó Mary Robinson le gnóthaí na hÉireann?

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Pléitear sa sliocht coimrithe seo leis na deacrachtaí a bhí roimh Impire Proinsias II na hOstaire le linn Chomhdháil Vín, 1815. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Le linn na Comhdhála bhí ar an Impire Proinsias siamsaíocht a chur ar fáil do mhórán cuairteoirí ríoga le báil, fleánna agus siamsaíocht amharclainne.*

*Cóiríodh áiteanna le haghaidh dinnéir gach oíche ina phálás ag daichead bord. Cuireadh stáblaí fostaíochta agus carráistí ar leith ar fáil do na haíonna go léir. Níor lú ná 1,400 an líon capall a bhí sa stábla.*

*Thug gach monarc slua dá lucht leanúna in éineacht leis agus bhí mná coimhdeachta ag freastal ar na mná céile ríoga. Bhí Proinsias á chur as a mheabhair ag soláthar siamsaíochta dóibh agus ag fadhbanna a bhain le tús áite a thabhairt.*

Foinse: bunaithe ar ábhar in Charles Breunig, *The Age of Revolution and Reaction, 1789-1850* (Nua Eabhrac agus Londain, Norton, 1977).

1. Luaigh cineál amháin siamsaíochta a chuir an tImpire ar fáil.
2. Cén t-iompar a cuireadh ar fáil?
3. Cé a rinne freastal ar na mná céile ríoga?
4. Luaigh fadhb amháin a bhí roimh an Impire agus é ag soláthar dá chuid aíonna.
5. Luaigh cinneadh polaitíochta amháin a glacadh ag Comhdháil Vín.

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Seirfeachas sa Rúis.
2. An méid a chuir Otto von Bismarck le haontú na Gearmáine.
3. Victor Hugo.
4. Athruithe sa talmhaíocht san Eoraip, 1815-1871.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a bhí súil ag Robert Owen a bhaint amach ag New Lanark agus cé chomh maith agus a d’éirigh leis?
2. Cad a chuir Giuseppe Mazzini le haontú na hIodáile?
3. Cad iad na hathruithe a rinne Haussmann i bPáras agus cén tionchar a bhí acu ar mhuintir na cathrach?
4. Cén tábhacht a bhain le saothar Karl Marx agus/nó Charles Darwin?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Pléitear sa sliocht coimrithe seo le mná sa líon saothair sa Bhreatain le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Roimh an gCéad Chogadh Domhanda fiú, bhí mná ag bogadh isteach sa tráchtáil agus sna gairmeacha. Faoin mbliain 1914, mná a bhí in aon cheathrú de na cléirigh go léir.*

*I ndiaidh tús a chur le coinscríobh na bhfear, ar an 2 Márta, 1916, thosaigh an rialtas i gceart ar áiteanna na bhfear a líonadh le hoibrithe baineanna. Thosaigh breis agus milliún bean, den chéad uair, ag obair ar phá. Thiomáin siad tramanna, d'oibrigh siad ar an talamh, thug siad faoi obair mhuinisean agus thug siad aire dóibh siúd a bhí breoite.*

*Sa tslí sin d'éalaigh mná den lucht oibre ón sclábhaíocht a bhain le dul ar aimsir. D'éalaigh mná den mheánaicme ó na gnásanna plúchtacha a bhí i réim roimh an gcogadh. Fuair siad níos mó eolais ar dheiseanna fostaíochta agus bhí teacht isteach dá gcuid féin anois acu.*

Foinse: John Stevenson, *British Society, 1914-1945* (Londain, Penguin Books, 1986).

1. Cad a tugadh isteach ar an 2 Márta, 1916?
2. Cé mhéad bean a thosaigh ag obair ar phá?
3. Luaigh dhá chineál oibre a rinne siad.
4. Luaigh bealach amháin ar bhain mná tairbhe as a bheith sa líon saothair.
5. Ar fhan formhór na mban a bhain fostaíocht amach le linn an Chéad Chogaidh Dhomhanda sa líon saothair nuair a bhí an cogadh thart? Tabhair míniú gearr ar do fhreagra.

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Frith-Sheimíteachas sa Fhrainc.
2. Géarchéim eacnamaíochta sa Rúis in aimsir na Sár.
3. An chúis a raibh tíortha na hEorpa ag iarraidh cur lena n-impireachtaí thar sáile.
4. Woodrow Wilson agus an Eoraip.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a d'eascair as polasaí cabhlaigh Wilhelm II?
2. Cad a d'fhoghlaim tú faoi aireagán agus luathstair an ghluaisteáin, 1871-1920?
3. Cén pháirt a bhí ag Wilfred Owen nó Douglas Haig sa Chéad Chogadh Domhanda?
4. Cén tábhacht a bhain le Rosa Luxemburg agus/nó Marie Curie?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992**

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Pléitear sa sliocht coimrithe seo leis an Dara Comhairle Vatacánach (1962-1965). Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ba é an Pápa Eoin XXIII a thug an dara Comhairle Vatacánach le chéile, agus ba sa Róimh a tionóladh é in 1962-1965 mar iarracht ar an Eaglais Chaitliceach a chur in oiriúint do shaol a bhí ag athrú.*

*Chuir sí deireadh le húsáid na Laidine mar theanga éigeantach do sheirbhísí eaglasta agus bhí cead anois iad sin a reáchtáil i dteanga na n-adhraitheoirí féin.*

*Bhí sé mar aidhm léi deireadh a chur leis an bhfrith-Sheimíteachas agus caidreamh níos fearr a chothú le heaglaisí eile.*

*Thug an Pápa agus a chomharba, an Pápa Pól VI, cúl leis an gcoróin thriarach agus le stíleanna casta éadaí in iarracht plé leis an saol comhaimseartha.*

Foinse: C. Cook agus J. Stevenson (eag.), *The Cambridge Dictionary of Modern World History* (Cambridge, Cambridge University Press, 2018).

1. Cad a rinne an Dara Comhairle Vatacánach iarracht a dhéanamh?
2. Cén toradh a bhí ar dheireadh a chur leis an Laidin éigeantach?
3. Cé leis a raibh caidreamh níos fearr le cothú?
4. Cén fáth ar éirigh an Pápa as coróin a chaitheamh?
5. Luaigh bealach amháin ar chuir an Pápa Eoin Pól II leis an athrú san Eoraip.

**B** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Aeraistriú Bheirlín, 1948-1949.
2. Cúnamh Marshall.
3. Céimeanna i dtreo Aontú na hEorpa, 1945-1957.
4. John Lennon.

**C** (40 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a bhí ag Imre Nagy agus/nó Nikita Khrushchev in Éirí Amach na hUngáire, 1956?
2. Cad a bhí i gceist le Géarchéim na hOla 1973, agus cad iad na bealaí a raibh tionchar aige ar shaol daoine san Eoraip?
3. Cad a bhí súil ag Mikhail Gorbachev a bhaint amach agus cé chomh maith agus a d’éirigh leis?
4. Cad iad na nithe a bhain Margaret Thatcher agus/nó Simone de Beauvoir amach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sliocht coimrithe atá anseo as *The Irish Times* ina luaitear forbairtí i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó go díreach tar éis di neamhspleáchas a bhaint amach. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*An scéala is tábhachtaí ná gur fhógair an tUasal Tshombe, Príomh-Aire chúige Katanga, go bhfógróidh sé neamhspleáchas dá chúige féin.*

*In Katanga atá mianaigh chopair agus úráiniam an Chongó, agus is é Katanga a chuireann timpeall 65% de theacht isteach iomlán náisiúnta an Chongó ar fáil.*

*Má chuireann an Príomh-Aire an plean seo atá aige i bhfeidhm – agus is dócha go mbeidh tacaíocht aige ó lucht airgeadais ollmhór na Beilge a bhfuil tionscail an cheantair faoina smacht – fágfaidh sé fíor-dhrochbhail ar staid an gheilleagair sa chuid eile den Chongó.*

Foinse: *The Irish Times*, 11/07/1960

1. Cad é an t-ainm iomlán a bhí ar an stát nua-neamhspleách?
2. Cérbh é Moise Tshombe?
3. Cén fógra a rinne sé?
4. Cén fáth a mbeadh fadhbanna eacnamaíochta mar thoradh ar an méid a d'fhógair sé?
5. Luaigh sampla amháin de pháirtíocht idirnáisiúnta sa Chongó anuas go dtí 1965.

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Coinbhinsiúin Lomé.
2. Géarchéim Suez, 1956.
3. Julius Nyerere agus polasaí ujamaa.
4. Freagairt Charles de Gaulle d'éileamh na hAilgéire ar neamhspleáchas.

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a d'eascair as aistarraingt na Breataine as an India, 1945-1947?
2. Cad iad na fadhbanna a bhí roimh cheannaire na hIndinéise, Achmad Sukarno, agus conas a chuaigh sé i ngleic leo?
3. Cad iad na fadhbanna maidir le caidreamh idir ciníocha a tháinig chun cinn sa Fhrainc sna 1980idí agus conas a d'fhreagair rialtas na Fraince do na fadhbanna sin?
4. Cad a d'fhoghlaim tú faoi shaol agus faoi shaothar Nadine Gordimer?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

**A** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, tráchtann an t-iriseoir Edwin Diamond ar chlúdach na meán ar mhisean Apollo 11. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Níos lú ná deich mbliana ó shin b'imeachtaí rúnda iad lainseáil spásárthaí a reáchtáladh taobh thiar de bhacainní ardslándála. Ní hamhlaidh atá inniu, tráth a chruinníonn lucht na meán le chéile ina sluaite móra ag Cape Kennedy do gach lainseáil.*

*I gcás Apollo 11 bhí 4,000 tuairisceoir i láthair. As cathair de leantóirí agus veaineanna raidió agus teilifíse a craoladh an t-imeacht beo do lucht féachana ar fud an domhain.*

*I ndiaidh na lainseála, tugadh cuid mhór den chór nuachta ar eitleán go Houston, Texas, áit ar choimeád NASA ar an eolas iad faoi na himeachtaí ceithre huaire is fiche sa lá.*

Foinse: Edwin Diamond, "The dark side of the moonshot coverage", *Columbia Journalism Review,* Imleabhar 8, Eagrán 3 (Fómhar, 1969).

1. Conas a rinneadh spásárthaí a lainseáil deich mbliana roimhe sin?
2. Cé mhéad tuairisceoir a bhí i láthair ag lainseáil Apollo 11?
3. Cén sórt lucht féachana/éisteachta a bhí ag na meáin?
4. Cad a tharla ag Houston, Texas?
5. Cén toradh a bhí ar lainseáil Apollo 11?

**B** (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An rath a bhí ar chorparáidí ilnáisiúnta na Stát Aontaithe, 1945-1968.
2. Betty Friedan.
3. Norman Mailer.
4. Star Wars (an Tionscnamh um Chosaint Straitéiseach).

**C** (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na bealaí ar chruthaigh an Chóiré agus/nó Cúba fadhbanna do na Stáit Aontaithe?
2. Cén fáth ar tharla baghcat bus Montgomery (1955-1956) agus ar bhain sé a aidhmeanna amach?
3. Cén fáth ar ghlac na Stáit Aontaithe páirt i Vítneam agus cén fáth ar aistarraing siad, ar deireadh, as Vítneam?
4. Cad a bhain Muhammad Ali agus/nó Marilyn Monroe amach?

Freagair na ceisteanna thíos má tá tú ag leanúint na d**Treoracha Malartacha** le haghaidh 2025 amháin atá ar chlúdach tosaigh an scrúdpháipéir seo.

**A** (30 marc)
*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, tráchtann feidhmeannach Sóivéadach ar a bheith ag obair do Stailín. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*An bhfuilim sásta i mo chuid oibre? Tá agus níl. Ar lámh amháin, táim ag foghlaim faoina bhfuil ar siúl, sa bhaile agus thar lear. Tá Stailín ag cur oiliúna orm. Tá feabhas ag teacht ar an smacht agus ar an gcruinneas i mo chuid oibre.*

*Ar an lámh eile, tá an obair leadránach. Agus ní féidir leat rudaí a thógáil go réidh faoi lámh dhian Stailín. Tá rudaí athraithe ó bhonn anseo ag Stailín, dáiríre.*

*Ach taobh thiar dá chuma chrosta, tá croí aige agus tá meas aige ar dhínit daoine.*

Foinse: luaite in Oleg V. Khlevniuk, *Stalin: New Biography of a Dictator* (New Haven agus Londain Yale University Press, 2015).

1. Luaigh buntáiste amháin a bhain leis an obair.
2. Luaigh míbhuntáiste amháin a bhain leis an obair.
3. Cad a bhí bainte amach ag Stailín, dar leis an scríbhneoir?
4. Tríd is tríd, an fostóir maith a bhí in Stailín, dar leis an scríbhneoir? Tabhair míniú gearr ar do fhreagra.
5. Luaigh cúis amháin ar chuir Stailín Seóthrialacha ar bun.

**Fógra cóipchirt**

D’fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna ar an scrúdpháipéar seo nach bhfuil cóipcheart ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit orthu agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.

Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Ardteistiméireacht - Gnáthleibhéal

# Stair

Dé Céadaoin 11 Meitheamh
Tráthnóna 2:00 - 4:50